Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Márta 2021
(OR. en)

6130/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0011(NLE)**

**UD 50**
**CID 7**
**TRANS 76**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Riaracháin arna bhunú ag an gCoinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach Carnets TIR, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin |

**CINNEADH (AE) …/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Riaracháin arna bhunú ag an gCoinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach Carnets TIR, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Coinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach carnets TIR an 14 Samhain 1975 ('Coinbhinsiún TIR') a fhormheas thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa le Rialachán (CEE) Uimh. 2112/78[1] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann leis an gComhphobal, an 20 Meitheamh 1983.

(2) Foilsíodh leagan comhdhlúite de Choinbhinsiún TIR mar Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2009/477/CE ón gComhairle[2]. Leis an gCinneadh sin, déantar foráil go bhfoilseoidh an Coimisiún leasuithe a dhéanfar amach anseo ar Choinbhinsiún TIR in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina léireofar dáta a dteacht i bhfeidhm.

(3) De bhun Choinbhinsiún TIR, féadfaidh an Coiste Riaracháin arna bhunú ag Coinbhinsiún TIR (an 'Coiste Riaracháin') leasuithe ar Choinbhinsiún TIR agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis a ghlacadh ag tromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bheidh i láthair agus i mbun vótála.

---

1 Rialachán (CEE) Uimh. 2112/78 ón gComhairle an 25 Iúil 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach carnets TIR (Coinbhinsiún TIR) an 14 Samhain 1975 sa Ghinéiv (IO L 252, 14.9.1978, lch. 1).

2 Cinneadh 2009/477/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2009 lena bhfoilsítear i bhfoirm chomhdhlúite téacs an Choinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach carnets TIR (Coinbhinsiún TIR) an 14 Samhain 1975 arna leasú ón ndáta sin (IO L 165, 26.6.2009, lch. 1).

(4) An Coiste Riaracháin, le linn a 74ú seisiún an 9-12 Feabhra 2021 nó ag seisiún níos faide anonn, tá sé le roinnt leasuithe a ghlacadh ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún TIR.

(5) D'fhonn an leasú a glacadh roimhe seo ar Airteagal 18 de Choinbhinsiún TIR a chur san áireamh, ar leasú é a mhéadaigh líon iomlán na n-oifigí custaim, a bhféadfadh baint a bheith acu le hoibríocht TIR, is gá Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún TIR a leasú, agus leagan amach Leagan 1 agus Leagan 2 de shamhail Carnet TIR a nuashonrú.

(6) Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Riaracháin a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Choinbhinsiún TIR, is iomchuí an seasamh sin a bhunú mar go mbeidh na leasuithe sin ceangailteach ar an Aontas.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an seasamh an Aontais sa Choiste Riaracháin a bheith bunaithe ar na dréachtleasuithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Riaracháin arna bhunú ag an gCoinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach carnets TIR, le linn a 74ú seisiún an 9-12 Feabhra 2021 nó ag seisiún níos faide anonn, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin, beidh sé bunaithe ar na dréachtleasuithe a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Riaracháin teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na dréachtleasuithe, gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is é an Coimisiún a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1. Ba cheart do Bhallstáit seasamh an Aontais a chur in iúl nuair a dhéanfar vótáil fhoirmiúil sa Choiste Riaracháin, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*